



2023/2373

26.10.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 60/2023

an 17 Márta 2023

lena leasaítear larscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2373]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/750 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a mhéid a bhaineann leis an aistriú go tagarmharcanna nua a ndéantar tagairt dóibh i gconarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/314 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 a mhéid a bhaineann leis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh cineálacha áirithe conarthaí ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/315 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 a mhéid a bhaineann leis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh cineálacha áirithe conarthaí ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart larscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

larscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bcp (Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún):
' **32022 R 0750:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/750 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 (IO L 138, 17.5.2022, lch. 6).'
2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 31bcp (Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún), 31bcq (Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592 ón gCoimisiún) agus 31bcr (Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún):
' **32023 R 0315:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/315 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 (IO L 43, 13.2.2023, lch. 4).'
3. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bcs (Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún):
' **32023 R 0314:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/314 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 (IO L 43, 13.2.2023, lch. 2).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tarmligthe (AE) 2022/750, (AE) 2023/314 agus (AE) 2023/315 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 138, 17.5.2022, lch. 6.

⁽²⁾ IO L 43, 13.2.2023, lch. 2.

⁽³⁾ IO L 43, 13.2.2023, lch. 4.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Márta 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.